Seisiúin Zoom

Bainfidh an scoil s'againne úsáid as Zoom chun deiseanna a thabhairt do na páistí agus na múinteoirí buaileadh le chéile ar líne a fhad is atá an scoil dúnta.

Sna seisiúin Zoom seo d'fhéadfadh sé gur an rang ar fad, grúpaí beaga nó seisiúin aonaracha leis an múinteoir a bheadh i gceist.

Beidh ar na tuismitheoirí cuntas Zoom a shocrú suas mura bhfuil sé déanta cheana.

Seolfaidh an múinteoir nasc ath-inúsáidthe chuig na tuismitheoirí.

Bainfidh an Cód Iompar thíos leis na Seisiúin Zoom.

**CÓD IOMPAR ZOOM**

1. Tá ar na tuismitheoirí/caomhnóirí cead scríofa a chur ar fáil don scoil ar ríomphost maidir le rannpháirtíocht a (b)páiste/í sna seisiúin Zoom
2. I gcás seisiún aonarach Zoom caithfidh tuismitheoir/caomhnóir a bheith i láthair in aice leis an bpáiste don seisiún ar fad.
3. I gcás seisiún ranga nó grúpa Zoom caithfidh tuismitheoir/caomhnóir a bheith i láthair sa limisteir leis an bpáiste don seisiún (in ann an páiste a fheiceáil agus a chloisteáil) le feitheoireacht a dhéanamh. Caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir a bheith ar an eolas faoin méid atá ar bun sa seisiún.
4. Níor cheart don pháiste páirt a ghlacadh i seisiún Zoom ina s(h)eomra codlata. Ba cheart páirt a ghlacadh i seomra lárnach ar nós seomra suite nó cistin.
5. Caithfidh gach duine a bheith feistithe i gceart don seisiún Zoom.
6. Caithfidh an páiste a bheith socraithe agus réidh chun oibre.
7. Tá cosc iomlán ar aon taifead (físe ná fuaime) nó grianghraf a thógáil linn an tseisiúin Zoom .
8. Tá cosc, chomh maith ar"Chatting" sa seisiún Zoom. Ba cheart don Mhúinteoir an feidhm seo ar Zoom a chasadh as roimhré.
9. Tá dualgas ar chuile dhuine idir baill foirne, clanna agus páistí meas a léiriú agus iad fhéin a iompar go cneasta mar is cóir agus an seisiún Zoom ar siúl.
10. Ní féidir le Gaelscoil Dara aon fhreagracht a ghlacadh ar shlándáil iomlán Zoom, ar an gcaolsheans go ndéanfar haiceál air.